An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Eolais TC 0023/2021**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Leasú ar an Scéim um Shaoire Mháithreachais do Mhúinteoirí Cláraithe a fhostaítear i mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta

## 1. Réamhrá

1.1 Is de bharr athruithe reachtaíochta a chomhairlítear sa Nóta Eolais seo d'fhostóirí faoi leasú ar an Scéim um Shaoire Mháithreachais do mhúinteoirí, a fholaítear in Imlitir 0054/2019 (Caibidil 2).

1.2 Is cóir ábhar an Nóta Eolais seo a chur i ngníomh, le héifeacht láithreach.

## 2. Teidlíocht ar Shaoire Mháithreachais

2.1 Leasaítear Alt 2.6 den Scéim um Shaoire Mháithreachais mar seo a leanas:

*'I gcás go dtarlóidh marbh-bhreith, nó breith anabaí, tráth ar bith tar éis an 24ú seachtain den toircheas, nó más é meáchan breithe an linbh 500 gram ar a laghad, beidh feidhm ag na teidlíochtaí iomlána ar Shaoire Mháithreachais.'*

## 3. Nóta Eolais a Scaipeadh

3.1 Cinntigh, le do thoil, go ndéanfar an Nóta Eolais seo a scaipeadh ar na comhaltaí go léir den Bhord Bainistíochta/ de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirfear ábhar an Nóta ar a súile do na múinteoirí go léir i d'fhostaíocht, agus iad siúd ar chead neamhláithreachta san áireamh.

3.2 Is féidir teacht ar an Nóta Eolais seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

**Clare Butler**
**Príomhoifigeach**
**Rannóg Téarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRSanna**

**1 Iúil, 2021**